



NUI Galway
OÉ Gaillimh



**Léachtóir le hOideachas Oideachas Luath-Óige
(conradh sainchuspóra/cuspóra speisialta)**

Conradh B

(Os Cionn an Bhaic)

TAG: 009400



CLÁR

	Leathanach
Fógra Poist	3
Sonraíocht an Phoist	4
Riachtanais Incháilitheachta	5
Creat Inniúlachta do ról Léachtóirí in OÉ Gaillimh	6

Léachtóir
Os Cionn an Bhaic
Conradh B

LÉACHTÓIR (OS CIONN AN BHAIC) LE hOIDEACHAS (Luath-Óige)

Coláiste	Na Dána, na hEolaíochtaí Sóisialta & an Léann Ceilteach
Scoil	Oideachas
Teideal Poist & Réimse Ábhair	Léachtóir le hOideachas, Oideachas Luath-Óige - Lán-Ghaeilge
An fad a mhairfidh an post	Conradh sainchuspóra
Leibhéal	Léachtóir B Os Cionn an Bhaic
Ag tuairisciú chuig	An Ceann Scoile

FÓGRA POIST

Fáilteofar roimh iarratais ar cheapachán ar chonradh sainchuspóra trí bliana in OÉ Gaillimh mar Léachtóir le hOideachas Luathbhlianta ag díriú go saineúil ar an earnáil lán-Ghaeilge. Tá an post seo á mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ceann de phríomhaidhmeanna an phoist is ea go gcuirfí leis an teagasc agus an taighde san Oideachas agus sa Chúram Luath-Óige (ECEC) i suímh lán-Ghaeilge mar chuid den iarracht ghinearálta pobail Ghaeilge a chothú. Beidh an post lonnaithe i Scoil an Oideachais in OÉ Gaillimh agus beidh ceangal aige le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Beidh tacaíocht aige freisin ó Stiúrthóir Léinn na gclár Luath-Óige san Ionad Foghlama & Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh (CALPD). Beifear ag súil go ndéanfaidh sealbhóir an phoist seo roinnt réimsí a fhorbairt. Áirítear orthu seo: modúil Ghaeilge a fhorbairt don bhunchéim ECEC; seimineáir agus clár foghlama ghairmiúla a dhearadh agus a theagasc do dhaoine atá fostaithe cheana féin san earnáil ECEC i bpobail Ghaeilge; scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann céim lán-Ghaeilge san Oideachas Luath-Óige a chur ar fáil agus maoirseacht a dhéanamh ar thréimhsí cleachtaidh iarchéime agus fochéime. Agus é/í ar fhoireann Scoil an Oideachais, cuirfidh sealbhóir an phoist leis an saineolas atá ann cheana féin san Oideachas Luath-Óige agus san Oideachas Lán-Ghaeilge go ginearálta; déanfaidh sé/sí obair mhór le cuidiú leis an Ollscoil an dualgas reachtúil atá uirthi oideachas ollscoile trí mheán na Gaeilge a sholáthar a chomhlíonadh; agus cinnteoidh sé/sí go mbeidh an Ollscoil níos rannpháirtí san obair atá ar siúl i dtrí Ionad Gaeltachta na hOllscoile agus go mbeidh caidreamh níos doimhne aici le pobail na Gaeilge.

I gcás fiosrúcháin neamhfhoirmiúla, déan teagmháil leis an Ollamh Gerry Mac Ruairc gerry.macruairc@nuigalway.ie

Tuarastal:

€66,762 sa bhliain go dtí €86,212 sa bhliain (infheidhme i gcás iontrálaithe nua le héifeacht ó mhí Eanáir 2011)

(Déanfar an ceapachán seo ar scála Léachtóir Os Cionn an Bhaic faoi réir pholasaí reatha pá an Rialtais)

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais 17:00 (Am na hÉireann) an 20 Feabhra 2022. Ní fhéadfar aon iarratas a gheofar tar éis an spriocdháta a bhreithniú.

Beidh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le déanamh.

Beidh ceapachán ag brath ar chead oibre a bheith bailí.

Tá tuilleadh sonraí le fáil ar www.dbei.ie

Chun tuilleadh eolais agus Foirm Iarratais a fháil féach ar an láithreán gréasáin:

<http://www.nuigalway.ie/about-us/jobs/> Ba cheart iarratais a dhéanamh ar líne.

Tabhair faoi deara go mbraithfidh ceapachán i bpoist atá fógartha ar fhaomhadh ón Ollscoil, agus ar théarmaí an Chreata um Rialú Fostaíochta don earnáil ardoideachais.

Is fostóir comhionannais deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

SONRAÍOCHT AN PHOIST

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

Beidh na dualgais seo a leanas i measc dhualgais shealbhóir an phoist, ach níl siad teoranta don liosta seo amháin:

Teagasc agus forbairt curaclaim

Beidh na tascanna seo a leanas a bhaineann le teagasc le cur i gcrích ag sealbhóir an phoist seo - modúil Ghaeilge a fhorbairt don chéim BA Early Childhood Education & Professional Practice; foghlaim ghairmiúil a dhearadh, a theagasc agus a mheas do dhaoine atá fostaithe cheana féin san earnáil Luathoidreachais i bpobail Ghaeilge; scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann céim lán-Ghaeilge sa Luath-Oideachas a chur ar fáil, iarratas a chur le chéile a chuirfí chuig an mBord Comhairleach Cáilíochtaí chun céim lán-Ghaeilge a fhaomhadh, agus maoirseacht a dhéanamh ar obair chúrsa céimithe agus fochéimithe mar aon le cúraimí eile de réir mar a iarrfaidh an Ceann Scoile air/uirthi a dhéanamh. D'áireodh na dualgais seo ullmhúchán agus seachadadh léachtaí, ranganna teagaisc, stiúradh ar thionscadail agus gnáthfhreagrachtaí scrúdaithe agus measúnaithe eile, cur le cláir reatha Luath-Óige agus modúil agus tascanna gaolmhara riaracháin a bhaineann le teagasc a chomhordú. Ní foláir do shealbhóir an phoist a bheith ar fáil do mhic léinn chun comhairle acadúil a chur orthu chomh maith. D'fhéadfadh maoirseacht ar obair allamuigh, cuairt ar láithreacha agus gníomhaíochtaí eile taobh amuigh den champas a bheith san áireamh le gníomhaíochtaí acadúla.

Taighde

Dul i mbun taighde agus gníomhaíocht chruthaitheach agus nuálach eile de réir mar a oireann. Caithfidh sealbhóir an phoist a c(h)uid taighde a fhoilsiú in irisí acadúla, agus i bhfoilseacháin eile mar is cuí, agus páirt a ghlacadh i stiúradh iarchéime. Moltar do shealbhóir an phoist dul i mbun tionscnamh chun maoiniú taighde a fháil, de réir mar is cuí. Cuirfidh sealbhóir an phoist comhthaighde ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cinn agus beidh sé/sí páirteach i dtaighde den sórt sin. Beidh ar an té a cheapfar a bheith i mbun stiúradh MA agus PhD, agus fónamh mar bhall de Choistí Taighde Iarchéime do mhic léinn PhD.

Rannpháirtíocht agus Gníomhaíocht Léinn

A bheith páirteach i riarachán acadúil ag leibhéal Scoile, Coláiste agus Ollscoile mar chuid den obair a dhéanann sé/sí ar mhaithe leis an Ollscoil. Cuideoidh sealbhóir an phoist le Laethanta Oscailte, cuairteanna scoile agus gníomhaíochtaí margaíochta a bhaineann leis an ábhar agus leis an Scoil, agus leis an gColáiste. Beidh sealbhóir an phoist ag plé leis an bpobal sa cheantar, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le gnóthaí sibhialta, eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha chun cur le saol na hOllscoile. Cuirfidh an té a cheapfar le gníomhaíochtaí pobail agus for-rochtana de réir mar is cuí. Agus é/í ag déanamh ionadaíochta go seachtrach ar an Ollscoil, táthar ag súil leis na caighdeáin ghairmiúla is airde ó shealbhóir an phoist, agus dá réir sin cur le cáil na hOllscoile. Táthar ag súil go mbeidh sealbhóir an phoist i mbun gníomhaíocht léinn ar nós na ngníomhaíochtaí seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh: measúnú ar irisí, ballraíocht i gcomhlachtaí comhairleacha a bhaineann leis an disciplín agus i bpainéil phiarmheasúnaithe agus obair a bhaineann le scrúdaitheoireacht sheachtrach.

Is faoi stiúir an Chinn Scoile nó Stiúrthóir an Acadaimh nó comhalta foirne sinsearach údaraithe d'fhoireann na Scoile a bheidh na dualgais seo le comhlíonadh ag sealbhóir an phoist.

Is comhalta den Choláiste/de na Coláistí a bheidh i sealbhóir an phoist faoi réir Reachtanna na hOllscoile.

Is iad na huairanta oibre a bheidh le déanamh ag sealbhóir an phoist na cinn sin a shainordaítear faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí i leith Comhaltaí Foirne Acadúla.

RIACHTANAIS INCHÁILITHEACHTA

Critéir Riachtanacha:

- PhD nó a chomhionann ina bhfuil béim ar an Oideachas Luathbhlianta
- Taithí i réimse an oideachais Luathbhlianta go ginearálta agus eolas maith ar pholasaí Luathbhlianta na hÉireann agus ar an gcomhthéacs soláthair seirbhísí.
- Suim ghníomhach i dtaighde i réimse an Oideachais Luathbhlianta
- Taithí ar acmhainní oideachais agus ábhar foghlama a fhorbairt agus a chur ar fáil
- Taithí léirithe ar theagasc nuálaíoch agus ar oideolaíocht luathbhlianta
- A bheith in ann a léiriú go bhfuil sé ar do chumas tacaíocht riaracháin a sholáthar, agus go bhfuil taithí agat ar chúrsaí agus ar mhodúil a fhorbairt agus ar ghrúpaí beaga agus ar ghrúpaí móra a theagasc
- An cumas smaoineamh go cruthaitheach, go criticiúil agus go machnamhach léirithe chun raon spriocanna a bhaint amach ar bhealach éifeachtach taobh istigh d'achar áirithe ama
- An-tuiscint ar an gcoláisteacht agus an cumas daoine eile a spreagadh
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide
- Cumas láidir ceannaireachta léirithe, go háirithe i suímh phobalbhunaithe
- C2 i scríobh agus i labhairt na Gaeilge.

Critéir Inmhianaithe:

- Taithí mhúinteoireachta in Oideachas Tosaigh Múinteoirí nó in Oideachas Múinteoirí Luathbhlianta
- Saineolas ar CLIL – Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

Creat Inniúlachta do Róil Léachtóirí (Conradh B) in OÉ Gaillimh

	Sárchaighdeán Acadúil		Sárchaighdeán Ceannaireachta		Sárchaighdeán Eagrúcháin
CROÍCHRITÉIR	<p>Sárchaighdeán Taighde</p> <p><i>Cuirfidh an Léachtóir (Conradh B) lena d(h)isciplín agus cuirfidh sé/sí leis an eolas ina réimse trína t(h)aighde ardchaighdeán féin a phleanáil, a dhéanamh agus a fhoilsiú/a scaipeadh, grúpaí taighde a chur le chéile agus a stiúradh, agus stiúradh agus tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn iarchéime chun cur ar a gcumas taighde ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Bíonn siad cab ar chab le forbairt a bhaineann le hábhar ina réimse féin agus bíonn siad ag comhoibriú le daoine eile, taobh istigh den Ollscoil agus lasmuigh di, chun cur le luach agus le hábharthacht an taighde atá á dhéanamh agus chun go mbeidh an Scoil/an Disciplín ábalta oiread maoiniú taighde agus is féidir a mhealladh.</i></p>	CROÍCHRITÉIR	<p>Éifeachtacht Phearsanta</p> <p><i>Beidh an Léachtóir (Conradh B) diograiseach faoina d(h)isciplín agus beidh sé/sí meáite ar an obair phearsanta is fearr a dhéanamh trí ardscoilleana pleanála, eagrúcháin, cumarsáide agus cinnteoireachta a úsáid chun a spriocanna a bhaint amach agus trí oibriú go cruá agus a bheith solúbtha d'fhonn freastal ar na héilimh éagsúla agus athraitheacha a bhaineann le ról an Léachtóra (Conradh B).</i></p>	CUMAS FORBARTHA	<p>Straitéis & Fís</p> <p><i>Ba chóir don Léachtóir (Conradh B) cur le forbairt straitéiseach an disciplín trí eolas maith a chur ar an timpeallacht trí chéile, an chaoi a bhfuil an disciplín ag forbairt agus an chaoi ar féidir an Scoil/an Disciplín a fhorbairt go fadtéarmach chun go mbainfear an leas is fearr as an obair atá ar siúl aici/aige. Ní mór go mbeadh an cumas ann/inti cás láidir a dhéanamh le cláir nua a fhorbairt nó a bheith rannpháirteach i gcomhchláir nó i gcomhthionscadail a mheasann sé/sí a chuirfidh le luach fadtréimhseach na Scoile/an Disciplín.</i></p>

CROÍCHRITÉIR	<p>Sárchaighdeán Teagaisc</p> <p><i>Déanfaidh an Léachtóir (Conradh B) cláir theagaisc ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur ar fáil a spreagfaidh mic léinn ar gach leibhéal agus a chuirfidh ar a gcumas an tairbhe is fearr a bhaint as a gcuid foghlama. Beidh muinín aige/aici agus é/í ag úsáid réimse teicnící teagaisc, fáilteoidh sé/sí roimh nuálaíochtaí sa teagasc agus beidh sé/sí dírithe ar a c(h)uid scileanna teagaisc féin a fhorbairt ar bhonn leanúnach.</i></p>	CUMAS FORBARTHA	<p>Ceannaireacht ar dhaoine eile</p> <p><i>Ní mór don Léachtóir (Conradh B) a bheith in ann oibriú go maith le daoine eile, ceannaireacht agus treoir a chur ar fáil do mhic léinn, do chomhghleacaithe agus don fhoireann tacaíochta maidir le tionscadail nó réimsí oibre a bhfuil sé/sí ina c(h)eannaire orthu. Spreagfaidh sé/sí daoine eile chun oibre, tacóidh sé/sí leis an obair sin agus déanfaidh sé/sí í a bhainistiú chun go mbainfear torthaí amach don disciplín agus chun a chinntiú go mbainfear ardchaighdeán amach.</i></p>	AG FORBAIRT	<p>Obair ar mhaithe leis an gColáiste & an Pobal</p> <p><i>Beidh meas ag an Léachtóir (Conradh B) ar an gcur chuige coláisteach agus tabharfaidh sé/sí faoi agus é/í ag obair le daoine eile, laistigh dá d(h)isciplín féin, den scoil agus den ollscoil agus sa phobal i gcoitinne. Déanfaidh sé/sí iarracht ghníomhach líonraí éifeachtacha a bhunú agus beidh sé/sí toilteanach a c(h)uid ama agus saineolais a chur ar fáil do réimse tionscadal ollscoile nó pobail níos leithne.</i></p>
---------------------	---	------------------------	--	--------------------	---